2026/1190

2.6.2026

CINNEADH (AE) 2026/1190 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 19 Bealtaine 2026

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2025/2419 maidir le líon eisiúintí bonn atá le formheas in 2026 (BCE/2025/37) *(BCE/2026/12)*

TÁ BORD FEIDHMIÚCHÁIN AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 128(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2015/2332 ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Nollaig 2015 maidir leis an gcreat nós imeachta d'fhormheas líon eisiúintí bonn euro (BCE/2015/43) ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an ceart eisiach ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) ón 1 Eanáir 1999 líon na mbonn a eisíonn na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu a fhormheas.

(2) Bunaithe ar na measatacháin ar an éileamh ar bhoinn euro in 2025 a chuir na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu faoi bhráid BCE, d'fhormheas BCE an líon iomlán bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht agus monaí euro inbhailithe nach bhfuil ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht in 2026 i gCinneadh (AE) 2025/2419 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2025/37). ([2])

(3) De bhun Airteagail 3 de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43) ní mór do na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu fógra a thabhairt do BCE más dócha go sáróidh an t-éileamh iarbhír ar mhonaí euro an líon formheasta d'eisiúint bonn i mbliain féilire amháin agus, i gcás ina leantar de na héilimh mhéadaithe ar mhonaí, ní mór dóibh formheas ad hoc a iarraidh le haghaidh líon breise d'eisiúint bonn sa bhliain féilire sin.

(4) An 26 Márta 2026, fuair BCE iarraidh ó Българска народна банка (Banc Ceannais na Bulgáire) thar ceann na Bulgáire líon na mbonn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht a fhéadfaidh an Bhulgáir a eisiúint in 2026 a mhéadú de mhéid breise EUR 174,66 milliún, ó EUR 163,64 milliún go EUR 338,30 milliún. Tá roinnt cúiseanna leis an iarraidh sin. Ar an gcéad dul síos, is é 2026 an chéad bhliain tar éis an tabhairt isteach go dtí an euro sa Bhulgáir, agus tá an próiseas chun nótaí bainc agus boinn lev a mhalartú le haghaidh euro fós ar siúl, rud a fhágann go bhfuil éileamh ard ar bhoinn euro. Ar an dara dul síos, de réir na sonraí stairiúla maidir le cúrsaíocht bonn lev, tarlaíonn an ghlaneisiúint is airde sa tríú ráithe (saoirí an tsamhraidh) agus i mí na Nollag (Saoire na Nollag). Ar an tríú dul síos, i bhfianaise na heaspa sonraí staidrimh maidir le cúrsaíocht airgid thirim in euro sa Bhulgáir, tá ardleibhéal éiginnteachta ann maidir leis an gcaoi a bhforbróidh éileamh ar mhonaí sna míonna amach romhainn.

(5) An 10 Aibreán 2026, fuair BCE iarraidh ó Mhionta Ríoga na Beilge thar ceann na Beilge líon na mbonn euro inbhailithe a fhéadfaidh an Bheilg a eisiúint in 2026 a mhéadú de mhéid breise EUR 10 milliún, ó EUR 0,3 milliún go EUR 10,3 milliún. Is é is cúis leis an iarraidh sin dhá bhonn buillin a eisiúint, ag a bhfuil luachanna ainmniúla EUR 75 agus EUR 300, nach raibh coinne leo roimhe sin.

(6) De bhun Airteagal 3(7) de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43) ní mór don Bhord Feidhmiúcháin cinneadh aonair a ghlacadh maidir leis an iarraidh ar fhormheas ad hoc, nuair nach gá aon mhodhnú ar an iarraidh ad hoc.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2025/2419 (BCE/2025/37) a leasú dá réir sin,

([1]) IO L 328, 12.12.2015, lch. 123, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/2332/oj.
([2]) Cinneadh (AE) 2025/2419 ón mBanc Ceannais Eorpach an 18 Samhain 2025 maidir le líon eisiúintí bonn atá le formheas in 2026 (BCE/2025/37) (IO L, 2025/2419, 28.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2419/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú

Leasaítear an tábla in Airteagal 2 de Chinneadh (AE) 2025/2419 (BCE/2025/37) mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir leis an mBeilg:

‘An Bheilg	56,00	10,30	66,30’

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir leis an mBulgáir:

‘An Bhulgáir	338,30	0,63	338,93’

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró dar teideal ‘Iomlán’:

‘**Iomlán**	**2 064,41**	**521,49**	**2 585,90**’

Airteagal 2

Teacht in éifeacht

Tiocfaidh an Cinneadh seo in éifeacht ar lá a thabharfar fógra do na seolaithe.

Airteagal 3

Seolaithe

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit sin a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 19 Bealtaine 2026.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE